gaelscoil bhaile brigín

# NUACHTLITIR

## 02/10/23

## ***<u>Clárúchán 2024/ Registration 2024</u>***






***Coiste na dTuistí/ Parent's Association***

D'iarrfaimis oraibh aon teimpléid eile do na cártaí Nollag a sheoladh ar ais an tseachtain seo. Beidh moill beag ar an mbille ag dul suas ar Aladdin ach táimid ag súil go mbeidh sé suas luath an tseachtain seo chugainn.

***Please return any other templates for Christmas Cards this week. There will be a slight delay in payments being put up on Aladdin. We hope to have this done early next week.***

***Díolachán cácaí/ Cake Sale***

Bhí orainn an díolachán cácaí a chur siar. Beidh sé ar siúl anois Dé hAoine seo chugainn. Is féidir airgead a íoc ar Aladdin amháin. Má tá airgead íoctha agat cheanna féin, rachaidh sé seo i dtreo an dáta nua. Meabhrú daoibh siúd a bheidh ag seoladh bia isteach go bhfuil cosc iomlán ar chnónna sa scoil.



**The postponed cake sale takes place this Friday. Donations can be made through Aladdin. Any money that has already been paid will automatically go towards the new date. A reminder that if you are sending in any baked goods that there is a complete ban on all nuts and nut products in the school.**

***Meas/ Respect***

Meabhraímid do chách go bhfuil sé tábhachtach go gcaitear le chuile dhuine le meas inár bpobal scoile. Ní ghlacfar le cur chuige trodach nó maslach le haon bhall foirne ar aon chúis. Fáiltítear roimh ionchur ó thuismitheoirí ar aon cheist a bhaineann lena gcuid páistí agus dar ndóigh maidir le moltaí d'fhorbairt na scoile ach meabhraítear go bhfuil cur chuige ar leith chun sin a dhéanamh.

**We would remind everyone of the importance of respect within our school community. Aggression or insulting behaviour towards any member of staff will not be tolerated under any circumstances. Parental input regarding their own children is always welcomed and valued, as too are any suggestions about the development of the school. We also appreciate that sometimes conversations have to happen regarding specific incidents. I would remind everyone that these are done in the best interests of our students with the view to supporting all children. While we understand that this can sometimes be upsetting, staff are there in a professional capacity and abusive or aggressive behaviour will not be tolerated. Thanking you in advance for your continued support.**

***Fóin chliste/ Smart Phones***

A chairde,

Tá mé ag teacht chugaibh maidir leis an bpolasaí fóin atá i bhfeidhm i nGaelscoil Bhaile Brigín agus maidir leis an gceist níos leithne i dtaobh úsáid fóin ag aoság an lae inniú.  Mar a thuigeann sibh, tá cosc iomlán ar aon chineál fón cliste a bheith i seilbh aon dalta ar scoil. Meabhraímid daoibh go n-áiríonn sé seo uaireadóir cliste chomh maith.  Ba mhaith liom dul tríd réasúnaíocht an pholasaí seo le díreach meabhrú daoibh cén fáth go bhfuil an polasaí seo chomh tábhachtach don scoil. Ar dtús, ba mhaith an deis a thógáil a aithint an gá a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le fón a bheith ag dalta agus sé sin má tá siad ag siúl abhaile agus go mbeadh teacht orthu.  Chuige sin, tá fáilte roimh dhaltaí fóin a bheith acu nach bhfuil aon rochtán acu ar ceamara nó idirlíon.

Tá baol caomhnaithe páistí i gceist le fóin le ceamra agus rochtán ar idirlíon.  Tá sé tarlaithe ní amháin anseo ar scoil ach i go leor leor scoileanna fud fad na tíre go bhfuil pictiúir míoiriúnacha nó fiú díreach pictiúir tógtha ar scoil agus scaipthe go forleathan.  Chomh maith leis sin tá baol ann maidir le taifead a dhéanamh ar bhaill na scoile gan cead.  Is sárú rialacha na scoile an-mhór é seo agus bheadh impleachtaí móra ag baint leis seo an gcineál iompair seo, ag áireamh teagmháil leis na Gardaí más cuí.

Mar scoil, tá muid tiomanta maidir leis an eispearas foghlama is saibhre a chur ar fáil dár ndaltaí.  Mar chuid de sin, tá muid ag tabhairt faoin bhfolláin go tréan thar an chéad chupla bliain eile mar go n-aithnímid an tábhacht seo mar chroílár dul chun cinn an uile duine.

Mar a thuigimid ar fad tá fás agus forbairt leanúnach ag tarlúint ó thaobh fóin chliste, cúrsaí idirlíne agus cúrsaí digiteacha go ginearálta.  Aithnímid na buntáistí atá ag baint leis seo ar fad don sochaí, ach tá sé tábhachtach go dtugaimid aghaidh ar na baoil chomh maith.  Tá tionchar nach beag ag an rochtán leanúnach ar an idirlíon agus na meáin shoisialta ar shaol ár ndaltaí.  Tuigimid chomh maith an brú ó phriaraí maidir le fóin a fháil ar aois níos óige agus níos óige.  Tá an cheist seo á phlé againn mar fhoireann le tamall agus tá plé déanta chomh maith le Coiste na dTuistí. Mar a thuigeann sibh tá na cruinnithe ranga ag tarlúint faoi láthair agus tá muid buíoch daoibh ar fad as bhur gcuid tacaíochta leo.  Mar chuid dena seisiúin seo tá ceist na bhfón á phlé - go háirithe ag leibhéal na meánranganna.  Beidh moladh agus deis plé ann ag ranganna 2-4 ar an gceist seo maidir le conradh ranga a shocrú nach gceannófaí fóin go dtí go bhfuil daltaí an ranga sin ar aois ar leith. Tá eolas ag teacht chun solais go leanúnach ar an éifeacht a imríonn na meáin shoisialta ar fholláin agus ar mheabharshláinte an aosóig.  Tá brú síoraí na meán sóisialta chomh maith le cibearbhulaíocht ag dul i bhfeidhm go láidir ar fholláin agus ar mheabharshláinte na hóige. Tríd aontú ranga i measc na dtuistí ar a leithead, chabhródh sé seo iad a chosaint óna leithead. Feicimid agus deir na daltaí iad féin go minic go mbíonn siad níos tapúla rudaí a rá ar líne nach ndearfaidís le haghaidh éinne.  Bheifí ag súil le go gcabhródh sé seo caidrimh láidre i bpearsa a chothú agus a threisiú.   Thabharfadh sé deis chomh maith eolas agus úsáid níos freagraí a leabú sna daltaí maidir le húsáid na meán srl roimh dóibh iad a fháil.  Bheifí ag súil le go mbeadh tuiscint níos doimhne de réir mar a tá siad níos sinne ar na himpleachtaí a bhaineann le míúsáid a bhaint as meáin shóisialta agus go mbeadh roghanna cearta á dhéanamh i leith a gcuid úsáide.

Creidimid lena leithead de chur chuige ar bhonn ranga go dtugann sé tacaíocht do thuistí agus iad a iarraidh aois rochtán ar fhóin srl a chur siar tríd eolas a roinnt i measc na dtuistí go bhfuil tuistí eile ag cur siar aois rochtáin.

Tuigimid chomh maith nach cinneadh scoile é seo agus gur faoi tuismitheoirí atá sé cinneadh dá gcuid clann a dhéanamh ach bheimís ag súil tríd deis plé a chur ar fáil do thuistí go gcabhródh sé le muinín dhaoine an cinneadh sin a ghlacadh.

D'fháilteoimís go mór roimh aon ais eolas ar an gceist thábhachtach seo.

**I am  writing to  you all regarding our Mobile Phone policy in Gaelscoil Bhaile Brigín and to broach the wider question of phone usage amongst our young students today. As you are aware, all smart phones and/or camera phones are strictly forbidden in school.  We would remind you that this includes smart watches or any other device which has a**

**camera or access to the internet. I would like to explain the rationale for this and remind you of the importance of this in our school. We do also, however, understand that some children may need access to a phone as they walk/get the bus home. We would remind parents/guardians that they are welcome to have a phone that has no camera or internet access in this situation. Under no circumstances however may it be turned on or taken out during the day in school. If this does happen, it will be taken and kept for the duration of the day. If this happens again, a parent or guardian will have to come and collect the phone from the office.**

**There is a Child Protection risk involved with children having access to phones with cameras or internet access while in school. It has happened, not only in our school, but in many many schools around the country, that inappropriate pictures, or indeed pictures of any type have been taken of other students (with or without their permission) and shared (again with sometimes, but often without permission) widely. There is also a danger that members of our school community may be recorded and again shared. This is a serious breach of school policy and will be dealt with through the code of discipline. This could have serious implications for any child partaking in such actions, up to and including contacting An Garda Síochána if necessary.**

**As a school we are committed to providing the best possible learning environment for our students. As part of this, we will be focusing on wellbeing throughout our school community over the coming years, in conjunction with the National Strategy which will be rolled out over the next while.**

**We are all aware of the continuous development and growth of smartphones, social media, and the ever evolving digital landscape. We all acknowledge and are grateful for the benefits of this for society, however it is important that we also recognise the potential dangers of the same. Continuous access to the internet and social media has a significant impact on young peoples' lives. We also appreciate that there is constant peer pressure (not just from peers but from society in general) for people to get phones at younger and younger ages. As a staff, we have been discussing this issue for a while and we are witnessing the negative impact of social media and the constant accessibility of young people through phones and smart watches etc. We have also discussed this with the Parents' Committee.**

**As you are aware the class meetings are taking place currently and we are grateful for your support in these. As part of these sessions the subject of phones will be discussed; especially in 2nd-4th class. There will be a discussion around the idea of creating a contract amongst parents to push back, collectively, on the age of getting phones for children. This would also be discussed in classes with the children, highlighting the benefits. We know that there is more and more knowledge coming to the fore around the impact of social media on the mental health and wellbeing of young children. We see it here in school on a regular basis. The constant pressure from social media, in conjunction with cyberbullying is taking its toll on the mental wellbeing of our young students. We see and hear students themselves say things like that they would never say to someone's face comments that they would post on the likes of snapchat etc. We would hope that this initiative would help students strengthen their face to face communication. It would also give a chance to students to learn and be more responsible in their own usage of social media before getting a phone.**

**We also believe that this initiative will support parents who would like to push back the age at which their children get a mobile phone as there will be a collective support amongst parents in a class.**

We acknowledge that this is not a school decision, rather it is a parents/guardians decision to make, however we would hope that this initiative will provide the opportunity for discussion amongst families around the use of phones at primary level. We would welcome any feedback that you may have around this issue.

***Na Searmanais/ Sacraments***

Tá an spriocdháta thart anois chun cuir isteach ar na searmanais do 2024. Seo thíos meabhrú daoibh faoi dhátaí atá ag teacht aníos.

12/10/23 Searmanas Ionrollaíochta an Chomaoinigh @5.30in sa séipéal.
19/10/23 Searmanas Gealltanais an Chóineartaithe @5.30in sa séipéal.

***The deadline has now passed for applications for Communion and Confirmation for 2024. Below is a reminder of some upcoming dates.***

***12/10/23 Communion Enrolment Ceremony @5.30pm in the church.***
***19/10/23 Confirmation Commitment Ceremony @5.30pm in the church.***

***Vaicsín Fliú/ Flu Vaccine***

Beidh Mc Cabes Pharmacy ar son an FFS anseo ar 18 Deireadh Fómhair chun vaicsín a dháileadh ar dhaltaí atá cead tugtha ag tuismtiheoirí dóibh. Tá tuilleadh eolais le fáil ar Aladdin agus is féidir foirm ceadaithe a líonadh anseo.
https://app.hashealth.com/booking/mccabes-pharmacy-finnstown/wl/QESZTJSD

***Mc Cabes pharmacy on behalf of the HSE will be administering the flu vaccine to pupils whose parents have consented on 18th October. Further information is available on Aladdin and you can consent at the following link.***
***https://app.hashealth.com/booking/mccabes-pharmacy-finnstown/wl/QESZTJSD***

***Briseadh Meán Téarma/ Mid-Term Break***

De réir féilire na scoile, beidh an scoil dúnta ón 30 Deireadh Fómhair go dtí 03 Samhain san aireamh don bhriseadh meán téarma.

**The school will close from 30th October to 03 November inclusive for mid- term break as per the school calendar.**

***Club na Naíonán/ Infant Club***

Táimid ag lorg duine amháin chun cabhrú leis an gclub a stiúradh. Reáchtáltar an chlub trí Ghaeilge mar sin, tá Gaeilge de dhíth ar chibé duine a bheidh á fhostú. Beidh ar an té dul faoi ghrinnfhiosrú na nGardaí chomh maith. Má tá suim agat, seol rphost chun na hoifige roimh dheireadh na seachtaine seo le do thoil.

**We are looking for one person to help with the running of the club. The club is run through Irish only and as such this person would need to speak Irish. Garda Vetting is also a requirement. If you are interested, please e-mail the office by the end of this week.**

## ***Cruinnithe Tuistí/ Parent teacher Meetings***

Beidh na cruinnithe tuistí ar siúl an tseachtain dár dtús 13 Samhain. Beidh tú in ann am a chur in áirithe ó na dátaí seo a leanas ar Aladdin:

- Teaghlaigh le triúir siblín sa scoil ón 18 Deireadh Fómhair.
- Teaghlaigh le beirt siblín sa scoil ón 20 Deireadh Fómhair.
- Teaghlaigh le páiste amháin sa scoil ón 24 Deireadh Fómhair.


***Parent Teacher Meetings will take place during the week commencing 13th November. Parents will be able to book a meeting slot on Aladdin from the following dates:***

- ***Families with 3 or more siblings in the school from 18th October.***
- ***Families with 2 siblings in the school from 20th October.***
- ***Families with 1 child in the school from 24th October.***

## ***Tinneas Boilg/ Tummy Bug***

Tá tinneas boilg ag scaipeadh i measc an phobail faoi láthair. Tá roinnt pháistí an-tinn leis. Má tá do pháiste thíos leis, is gá é/í a choimeád sa bhaile ar feadh 48 uair an chloig théis an babhta deireanach de thinneas***.***


***There is a bad tummy bug spreading through the community at the moment. Some children become very ill with it. If your child comes down with the bug, he/she cannot attend school for 48 hours after the last bout of illness.***




## ***Míolta Gruaige/ Head Lice***

Tá na míolta a scaipeadh arís. Meabhraímid daoibh a bheith aireach agus scéal a chur chun na hoifige má thagann tú ar aon rud. Is féidir leat teacht ar pholasaí na scoile maidir le míolta gruaige anseo.
https://www.gsbhailebrigin.ie/rialacha-na-scoile

***Head lice are presenting once again. We remind you to be vigilant and to send word to the office if you discover any. You can find the school's policy in relation to head lice here. https://www.gsbhailebrigin.ie/rules-policies***




***"Helping parents/caregivers to be aware of trends on substance use"***

***Through Dublin North Child and Family Support Network, concerns were identified by youth services with the use of electronic vapes, nitrous oxide, and cannabis among primary school children; from ages 8+.***
***From this concern being identified services across Dublin North have come together to address this and give further supports to parents. This event is in collaboration with the HSE, North Dublin Regional Drugs and Alcohol Task Force, Tusla, Foroige, Crosscare, and funded through the Children and Young People Service's Committee (CYPSC).***
***The aim of the event is to enhance understanding of the effects of nitrous oxide, vaping and cannabis use and to provide information on current substance use trends among young people in the area, and where people can get support.***
***We would like to extend an invite to Parents/ Caregivers of 3rd - 6th class to this information session, as well as community and youth clubs with parents/caregivers of this age in the Dublin North Area.***
***This event will take place online on Thursday 12th October at 8pm.***
***To attend this online event; please follow the link below to register.***
***https://us06web.zoom.us/webinar/register/WN_pF3ttkfeTrGQ1Gt0P4B92Q***